Foras Taighde ar Oideachas
Educational Research Centre

# AOF Rialachas

(Post Buan)

Spriocdháta Iarratais: 17.00pm, 4ú Marta 2026

**LEABHRÁN EOLAIS DON IARRATASÓIR**

www.erc.ie

# Cúlra

Is institiúid taighde poiblí é an Foras Taighde ar Oideachas (‘FTO’) atá tiomanta do thaighde oideachais a chur chun cinn agus bonn eolais a chur faoi pholasaí a fheabhsaíonn cáilíocht agus cothromas an oideachais in Éirinn.

Bunaíodh an FTO ar dtús sa bhliain 1966 i gColáiste Phádraig (cuid d’Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath anois), Droim Conrach. I mí Mheán Fómhair 2015, bunaíodh an FTO mar chomhlacht reachtúil ainmnithe de chuid na Roinne Oideachais faoi Alt 54 den Acht Oideachais (1998). Fostaíonn an FTO 70 taighdeoir, anailísí agus foireann tacaíochta, le buiséad bliantúil de €X milliún aige in 2025, agus maoinítear é trí dheontas ón Roinn Oideachais agus trí thrialacha caighdeánaithe a sholáthar do scoileanna.

Tá dhá shainchúram ag an FTO - tástálacha caighdeánaithe agus tacaíochtaí a sholáthar do scoileanna, agus taighde oideachais agus staidéir mheasúnaithe a dhéanamh. Tá an Plean Straitéiseach reatha agus clár oibre an FTO a fháil anseo.

# Ár Misean, ár bhFís agus ár Luachanna

## Ár misean

Is é Misean an FTO ná torthaí foghlama a fheabhsú do gach scoláire trí thaighde ardcháilíochta a dhéanamh agus trí uirlisí measúnaithe éifeachtacha a fhorbairt a thacóidh le foghlaim níos fearr agus a bheidh mar bhonn eolais do pholasaí. Féachann ár misean le tiomantas an FTO do thaighde a léiriú, eolas a chur chun cinn, agus léargais a sholáthar a éascaíonn feabhsú cleachtais agus polasaithe oideachais.

## Ár bhfís

Is í ár bhfís ná, agus sinn ag oibriú i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus le príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta, ná torthaí oideachais a bharrfheabhsú don chead ghlúin eile trí thacú le scoileanna, múinteoirí, tuismitheoirí agus an uile dhuine a bhfuil baint acu le forbairt polasaí/curaclaim chun an turas foghlama a thuiscint agus a threorú níos fearr.

## Ár luachanna

Treoraíonn ár luachanna go comhchoiteann an FTO chun a mhisean a chomhlíonadh chun leasa daltaí, oideoirí, agus an earnáil oideachais i gcoitinne:

- **Cáilíocht** - Táimid tiomanta do shármhaitheas. Cinntímid go bhfuil ár dtaighde críochnúil, cruinn agus iontaofa.
- **Tionchar** - Tá sé mar aidhm againn difríocht mhór a dhéanamh lenár dtaighde. Teastaíonn uainn go dtacóidh ár gcuid oibre le lucht déanta polasaí agus go mbeidh sé mar bhonn eolais do dhíospóireacht phoiblí.
- **Neamhspleáchas** - Déanaimid taighde agus tuairiscímid torthaí go hionraic, go neamhchlaonta, agus gan tionchar míchuí, ag cinntiú creidiúnacht agus iontaofacht ár gcuid oibre.
- **Meas** - Tá meas againn ar dhearcthaí, ar chultúir agus ar chúlraí éagsúla, agus léirímid dínit, cineáltas agus tuiscint don uile dhuine i dtimpeallacht chuimsitheach agus ómósach.
- **Obair bhuíne** - Comhoibrímid le daoine eile, ag cothú cultúr cumarsáide oscailte agus comhthacaíochta inár gcuid oibre.

# Faoin Ról seo

Is ról spreagúil agus dúshlánach é post an AOF do dhuine atá ar thóir dul chun cinn gairme i dtimpeallacht oibre chomhoibríoch agus dhinimiciúil, agus é/í ag obair i gcomhar leis na foirne riaracháin agus taighde.

Beidh ar an iarratasóir rathúil tacú le hiarrachtaí Rialachais agus Comhlíontachta agus iad a chomhordú ar fud na heagraíochta, ag cinntiú go gcuirfear tionscadail i gcrích go tráthúil, go gcloítear le treoirlínte rialála, agus go ndéantar próisis a fheabhsú go leanúnach.

Ós rud é go bhfuil fás suntasach tagtha ar líon na bhfostaithe san eagraíocht le déanaí, beidh an ról seo ríthábhachtach i bhforbairt na heagraíochta amach anseo agus i rath straitéisí rialachais agus comhlíontachta an FTO.

Ag eascairt as an gcomórtas seo, féadfaidh an FTO painéal nó painéil a chruthú as a bhfeadfaí folúntais chomhchosúla a líonadh amach anseo. Clúdóidh na painéil poist bhuana, théarma seasta agus poist shainchuspóra. Tá gach post faoi réir tréimhse phromhaidh.

## Cén fáth fostaíocht san FTO?

Mar aon le gairm thaitneamhach dhúshlánach do thaighdeoir le Gaeilge, áirítear ar chuid de bhuntáistí an FTO:

- Tuarastal iomaíoch, (Bronnfar méaduithe pá go bliantúil faoi réir feidhmíocht shásúil)
- Pinsean na hEarnála Poiblí
- 29 lá saoire bhliantúil in aghaidh na bliana
- Socruithe oibre hibride agus solúbtha, le tiomantas do chothromaíocht oibre-saoil agus ionad oibre a thacaíonn le teaghlaigh
- Deiseanna forbartha pearsanta trí oideachas acadúil urraithe ag fostóir agus oiliúint intí
- Rochtain ar Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP)
- Rochtain ar scéim choigilte cánach taistil agus scéim rothaíochta chun na hoibre

Is fostóir comhdheiseanna é an FTO agus bronnadh creidiúnú Cré-umha Infheisteoirí san Éagsúlacht air. I gcomhréir leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 – 2015, tá sé tiomanta plé go cothrom le gach duine a bhíonn páirteach ina phróisis earcaíochta, roghnúcháin agus ceapacháin.

## Príomhfhreagrachtaí

Beidh an t-iarratasóir rathúil páirteach sna tascanna seo a leanas mar ghnáthnós:

- Gníomhú mar chéad phointe teagmhála d'fhostaithe agus don Roinn Oideachais maidir le cúnamh, comhairle agus tuairisciú a sholáthar ar shaincheisteanna rialachais
- A chinntiú go ndéantar tuairisciú go cruinn agus go tráthúil ar gach tuairisceán rialála agus go gcomhlíontar agus go ndoiciméadaítear riachtanais chomhlíonta
- Tacaíocht a sholáthar do Phríomhoifigeach agus do Leas-Phríomhoifigeach Ghnóthaí Corparáideacha
- Dréachtú doiciméadachta agus comhaontuithe (m.sh. Meabhráin Tuisceana, comhaontuithe dlíthiúla srl.) a éascú le tríú páirtithe
- Struchtúir agus próisis rialachais dea-chleachtais a fhorbairt agus a chothabháil, a bhaineann le comhlíonadh, rialachas agus bainistíocht riosca, (cód cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit á chur san áireamh), a chothaíonn trédhearcacht agus cuntasacht
- Monatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar an gclár feasachta riosca, i gcomhréir le Beartas Bainistíochta Riosca an FTO (lena n-áirítear cláir riosca rannóige agus corparáideacha)
- Athbhreithniú, anailísiú agus nuashonrú a dhéanamh ar chaighdeáin reatha beartais agus rialachais laistigh den FTO agus comhlíonadh ceanglais reachtúla a chinntiú
- Scanadh a dhéanamh ar an timpeallacht sheachtrach le haghaidh athruithe beartais nó reachtaíochta a mbeidh tionchar acu ar rialachas an FTO agus comhairle ina leith sin a chur ar pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha
- Méideanna móra faisnéise a léirmhíniú agus a anailísiú go criticiúil, iad a chomhdhlúthú agus a chur i láthair don fhoireann eagraíochtúil níos leithne
- Tacaíocht a thabhairt do chruinnithe Bhord an FTO agus an CIR, do phlean oibre bliantúil an FTO agus do thuairisciú reachtúil gaolmhar
- Teagmháil a dhéanamh le Cathaoirleach Bhord an FTO agus le Cathaoirleach an CIR de réir mar is gá agus tacú leis an bpróiseas ionduchtaithe do bhaill nua an Bhoird
- Próisis iniúchóireachta inmheánacha agus seachtracha a chomhordú agus tuarascálacha a ullmhú don Bhord agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Maoirseacht a dhéanamh ar nuashonrú leanúnach na gcodanna rialachais den suíomh gréasáin
- Cúnamh a thabhairt maidir le freagairt d'iarratais Shaoráil Faisnéise
- Tacaíocht a sholáthar d'obair eile an Fhorais de réir mar is gá agus aon dualgais réasúnta eile a shanntar ó am go ham a chomhlíonadh.

Beidh an Príomhoifigeach Rialachais ainmnithe ina Oifigeach Éagsúlachta agus Cuimsithe freisin agus comhordóidh sé/sí obair an Choiste Éagsúlachta agus Cuimsithe (EDI) don eagraíocht (cuirfear oiliúint ar fáil de réir mar is gá).

Éilíonn an ról seo cáiréis agus rúndacht i gcónaí, aird mhór ar mhionsonraí, solúbthacht, cumas freagairt do thosaíochtaí iomaíocha, stíl oibre chomhoibríoch, agus dearcadh oscailte, dearfach agus dírithe ar réitigh. D'fhéadfadh taisteal náisiúnta (réigiúnach) a bheith i gceist ó am go ham don phost.

Spreagfar an t-iarratasóir rathúil chun páirt a ghlacadh in oiliúint agus i bhfeabhsú scileanna chun leibhéil eolais agus saineolais a chothabháil agus a fheabhsú

**Tabhair faoi deara**
Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara gur treoir ghinearálta é an méid thuas ar ról an Chomhalta Taighde agus nach cur síos uileghabhálach é ar na dualgais a bhaineann leis an ról

nó leis na tascanna a d’fhéadfaí a shannadh don ról san FTO. Ba chóir d’iarratasóirí a thabhairt faoi deara freisin go bhféadfaí dualgais bhreise a shannadh

## Inniúlachtaí

Féach ar an liosta inniúlachtaí a bheidh á mheas ag céim an agallaimh don chomórtas seo:

- Ullmhacht don todhchaí a thógáil
- Seachadadh Fianaise-Bhunaithe
- Ceannaireacht agus Cumhachtú
- Cumarsáid agus Comhoibriú

# Fút Féin

## Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

### *Critéir Riachtanacha*

Tráth an iarratais a chur isteach, ní mór don iarratasóir rathúil fianaise a léiriú ar*:*

- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal agus 2 bhliain ar a laghad de thaithí i ról comhchosúil nó 4 bliana ar a laghad de thaithí i ról comhchosúil
- Sáreolas ar rialachas laistigh den tseirbhís phoiblí agus ar an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí 2016
- Taithí léirithe i gcomhlíonadh agus i mbainistíocht riosca
- Taithí ar fheabhsuithe dea-chleachtais agus próisis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear beartais agus treoirlínte
- Sárscileanna pleanála agus eagrúcháin agus an cumas tosaíochtaí a eagrú go héifeachtach agus ualach oibre suntasach a bhainistiú
- Aird den scoth ar mhionsonraí agus fianaise ar spriocanna a bhaint amach
- Fianaise ar bhreithiúnas, cinnteoireacht, tionscnamh agus réiteach fadhbanna
- Scileanna cumarsáide den scoth ó bhéal agus i scríbhinn, lena n-áirítear an cumas cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus go cáiréiseach le raon páirtithe leasmhara
- Cumas oibriú as a stuaim féin agus mar chuid d’fhoireann
- Ardleibhéal inniúlachta in úsáid feidhmchlár Microsoft. (m.sh. Office365, Word, Excel, Outlook, Teams, SharePoint)

### *Riachtanas Inmhianaithe*

- Inniúlacht Ghaeilge
- Eolas ar Earnáil Oideachais na hÉireann
- Eolas agus taithí ar reachtaíocht a bhaineann le Cosaint Sonraí agus RGCS
- Taithí ar chláir oiliúna agus forbartha a fhorbairt

# Príomhfhaisnéis

## Próiseas Iarratais agus Spriocdháta

Más spéis leat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir iad seo ar fáil:

1. Litir chlúdaigh ghairid (1 leathanach ar a mhéid) ag míniú an fáth go bhfuil tú ag cur isteach ar an bpost agus an chaoi ina bhfuil do cháilíochtaí agus do thaithí ag teacht le riachtanais an phoist.
2. CV cothrom le dáta nach mó ná **trí leathanach** ar fhad a chuimsíonn ainmneacha agus sonraí teagmhála (uimhir ghutháin agus ríomhphost) beirt mholtóirí.

**Ní mór gach doiciméad a chur isteach i bhformáid Word nó PDF trí leathanach Gairmeacha FTO.**

Ní ghlacfar ach le hiarratais a chuirfear isteach go leictreonach. Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 48 uair an chloig ón uair a chuirtear isteach an t-iarratas, déan teagmháil le **hr@erc.ie**. Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 arna leasú, déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

Is é **17.00pm (am na hÉireann), Dé Céadaoin, 4ú Marta 2026**, an t-am agus an dáta deiridh le haghaidh iarratas. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta agus an am dúnta.

## Scála Tuarastail

Déanfar an ceapachán ar scála Ardoifigeach Feidhmiúcháin (AOF) an FTO (€58,847 - €74,112 - Scála Ranníocaíochta Pinsean Pearsanta (PPC) ag an 1 Lúnasa 2025, ag pointe atá de réir Pholasaí Pá reatha an Rialtais. Tosóidh gach iontrálaí nua sa tSeirbhís Phoiblí ag an gcéad phointe den scála. (€58,847 sa bhliain). D'fhéadfadh go mbeadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla i gceist má tharlaíonn, díreach roimh an gceapachán, go mbíonn an t-iarratasóir rathúil ag feidhmiú mar státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí.

## Pinsean

Déanfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí, mar a bhí i réim san FTO ag am an cheapacháin, a ofráil don iarratasóir rathúil. Ar an iomlán, agus seachas iarratasóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin sa tseirbhís phoiblí (téarmaí neamh-aonair) don 26 seachtain roimh cheapachán, ciallaíonn sé sin ballraíocht i Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"). Sa chás deireanach, áfach, d'fhéadfadh go mbeadh roinnt eisceachtaí i gceist.

## Saoire Bhliantúil

Is í an saoire bhliantúil a bheidh i gceist don phost ná 29 lá. Tá an liúntas faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le deonú saoire bliantúla sa státseirbhís, bunaithe ar sheachtain cúig lá agus gan gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh.

## Láthair Oibre

Beidh an ceapaí don ról seo lonnaithe i bpríomhoifig an FTO, i nDroim Conrach, Baile Átha Cliath. Feidhmíonn an FTO samhail oibre hibrideach agus roinneann an fhoireann a gcuid ama oibre idir oifigí an FTO agus láthair iargúlta sonraithe. Braithfidh an rogha oibriú go cianda ar riachtanais an tionscadail ábhartha. Féadfar tuilleadh eolais a chur ar fáil ag pointe an cheapacháin.

Nuair a bhíonn an ceapaí as láthair ón mbaile agus ón láthair oibre ar dhualgas oifigiúil, íocfar costais taistil agus liúntais chothaithe cuí leis an gceapaí, de réir ghnáthrialacháin na státseirbhíse/na hearnála poiblí.

## Tionacht agus Promhadh

I gcás cheapacháin chuig post buan, téarma seasta nó cuspóir sonraithe leis an FTO beidh tréimhse phromhaidh ag an gceapaí, a mhairfidh 6 mhí de ghnáth. Má tharlaíonn ag am ar bith le linn na tréimhse seo nach mbíonn an ceapaí oiriúnach do cheapachán deiridh cuirfear críoch leis an bpromhadh.

## Uaireanta Freastail

Ní bheidh na huaireanta oibre níos lú ná 35 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an gceapaí pé uaireanta breise a oibriú ó am go ham a bheidh réasúnach agus riachtanach chun a d(h)ualgais a chomhlíonadh go cuí faoi réir na dteorainneacha mar atá sna rialacháin ama oibre.

## Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'iarratasóirí a bheith faoi cheann amháin (nó níos mó) de na sé chritéar thíos ar an dáta a gcuirtear an t-iarratais isteach:

- Saoránach de Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa. Cuimsíonn an LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
- Saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- Saoránach neamh-LEE a bhfuil visa stampa 4 aige/aici; nó
- Duine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta bronnta air/uirthi faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ar aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil visa stampa 4 aige/aici; nó
- Saoránach neamh-LEE atá mar thuismitheoir nó leanbh cleithiúnach ag saoránach de bhallstát LEE nó sa RA nó an Eilvéis agus a bhfuil cónaí air nó uirthi i mballstát LEE agus a bhfuil visa stampa 4 aige/aici.

## Cumarsáid

Eiseofar nuashonruithe feachtais chuig an seoladh ríomhphoist a sholáthraítear le d'iarratas. Tá sé de dhualgas ar gach iarratasóir a chinntiú go bhfuil gach cumarsáid á fháil acu ón FTO. Moltar d'iarratasóirí a ríomhphoist a sheiceáil go rialta le linn tréimhse an chomórtais. Ina theannta sin, is cóir d' iarratasóirí na fillteáin bruscair/turscair a sheiceáil ar eagla go ndéantar aon ríomhphoist a scagadh trí thimpiste. Ní bheidh aon fhreagracht ar an FTO maidir le cumarsáid nach n-éiríonn leis an iarratasóir a rochtain nó a fháil.

## Próiseas Roghnúcháin

D'fhéadfadh go ndéanfar iarratasóirí a ghearrliostú sa roghnú bunaithe ar an eolas san iarratas. Déanfaidh Bord Agallaimh saineolaithe na hiarratais a iniúchadh de réir na gcritéar réamhshocraithe bunaithe ar riachtanais an phoist. D'fhéadfadh go mbeadh ceann amháin nó níos mó díobh seo i gceist leis an modh roghnúcháin:

- Gearrliostú bunaithe ar litir chumhdaigh, agus CV
- Agalla(i)mh

- Cur i láthair nó aon trialacha nó cleachtaí eile a shíltear a bheith iomchuí
- Triail teanga/cumarsáide (ó bhéal agus/nó i scríbhinn).

Beidh cuireadh chuig agalla(i)mh ag na h iarratasóirí ar an ngearrliosta agus tarlóidh siad seo idir dhá agus cheithre sheachtain i ndiaidh an spriocdháta. Cuirfear tuilleadh eolais agus treoirlínte faoin bpróiseas roghnúcháin ar fáil d' iarratasóirí ar an ngearrliosta seachtain amháin ar a laghad roimh an agallamh chun ullmhúchán a éascú.

Eiseofar fógra faoi dháta agus am an agallaimh chuig na hiarratasóirí ar an seoladh ríomhphoist a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm iarratais. Ba chóir d'iarratasóirí a bheith ar fáil ar an dáta/na dátaí a bhíonn luaite ag an FTO agus is cóir a chinntiú go mbíonn na sonraí teagmhála a thugtar ar a n-iarratas ceart.

Ní bheidh iarratasóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar aon ghné eile nuair a iarrann an FTO a leithéid agus san áit a iarrtar, nó nach soláthraíonn cibé eolas eile ar aon ábhar a éilíonn an FTO maidir lena n-iarrthóireacht i dteideal aon bhreithniú breise.

Coimeádann an FTO an ceart aige féin agallaimh a dhéanamh ar líne go cianda nó duine le duine de réir mar is gá, agus a éileamh ar iarratasóirí freastal ar an dara hagallamh agus / nó measúnuithe nó trialacha breise a dhéanamh de réir mar a shíltear iomchuí agus riachtanach i ndiaidh an chéad agallaimh.

Déanfar an post a ofráil don iarr iarratasóir a roghnaítear faoi réir tagairtí sásúla ó mholtóirí. **Ní rachfar** i dteagmháil le moltóirí gan cead a bheith faighte roimh ré ón iarr iarratasóir.

## Painéil

Ag eascairt as an gcomórtas seo, féadfaidh an FTO painéal a chruthú óna bhféadfar folúntais den chineál céanna a líonadh sa todhchaí. Déanfar ceapacháin ón bpainéal ar bhonn buan, ar bhonn téarma seasta nó ar bhonn cuspóir sonraithe ag brath ar an bhfolúntas. Má chruthaítear painéal, coimeádann an FTO an ceart nach ndéanfar ach líon áirithe a chur ar an bpainéal sin. Ní deimhniú ar cheapachán poist é má bhítear cáilithe agus curtha ar an bpainéal.

Féadfar iarratasóirí a dhéanann iarratas a chur ar phainéal amháin nó níos mó. Féadfar, áfach, iarratasóirí a rangú níos airde ar phainéal amháin ná ar phainéal eile agus ní ráthaíonn áireamh ar phainéal amháin go mbeidh siad ar phainéil eile a chruthaítear tríd an bpróiseas earcaíochta seo. Braithfidh an cinneadh maidir leis an bpainéal a úsáidfear tráth an cheapacháin ar riachtanas an tionscadail ábhartha a bhfuil an post sannta dó.

Fanfaidh na painéil i bhfeidhm ar feadh 12 mhí ón dáta a cruthaíodh iad nó go dtí go n-éagfaidh siad (cibé acu is túisce), agus féadfar iad a athnuachan uair amháin ar feadh 6 mhí eile. Ní bheidh aon cheart ar phost ag iarratasóirí nach gceapfar ar dhul in éag don phainéal ina dhiaidh sin toisc go rabhadar ar an bpainéal.

Nuair a dhiúltaítear do thairiscint ar cheapachán do chuspóir sonrach nó do théarma seasta, féadfaidh an t- iarratasóir fanacht ar an bpainéal go dtí go rachaidh an painéal in éag (is é sin, ní thairgfear aon phost chun críche sonraithe ná téarma seasta don iarratasóir).

A luaithe a ghlactar le tairiscint ceapacháin do théarma sonraithe nó socraithe, féadfaidh an t-iarratasóir fanacht ar an bpainéal go dtí go rachaidh an painéal in éag le haghaidh aon cheapacháin eile do théarma sonraithe nó socraithe a bheidh ar fáil.

A luaithe a ghlacfaidh nó a dhiúltóidh iarratasóir le tairiscint cheapacháin chuig post buan, ní fhanfaidh an t- iarratasóir ar an bpainéal a thuilleadh agus féadfaidh an FTO duine eile a roghnú lena cheapadh ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.

Cuirfear faisnéis níos mionsonraithe ar fáil d'iarratasóirí rathúla.

## Acht um Chosaint

Nuair a fhaightear foirm iarratais iarrthóra, cruthóidh an FTO taifead in ainm an iarrthóra, ina mbeidh cuid mhaith den eolas phearsanta a sholáthraítear. Is do phróiseáil an iarratais amháin a úsáidfear an taifead pearsanta seo agus má éiríonn leis an iarratasóir coimeádfar eolas áirithe don tréimhse amach anseo. Tá a leithéid d'eolas faoi réir chearta agus oibleagáidí na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), 2018.

Chun éileamh a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003 / RGCS 2018, cuir d'iarratas i scríbhinn chuig an Oifigeach um Chosaint Sonraí ag Data.Protection@erc.ie. Bí cinnte go ndéanann tú cur síos chomh mion agus is féidir ar na taifid atá á lorg agat ionas gur féidir na taifid ábhartha a aithint.

## Freastal Réasúnta

Cuireann an FTO timpeallacht oibre solúbtha, dhinimiciúil agus dhúshlánach ar fáil agus is fostóir comhdheiseanna é.

Tá an FTO tiomanta foireann den chaighdeán is airde a mhealladh, a earcú, a fhorbairt agus Cuireann an FTO timpeallacht oibre sholúbtha, dhinimiciúil agus dhúshlánach ar fáil, tacaíonn sé le comhionannas deiseanna, éagsúlacht agus cuimsiú agus spreagann sé daoine ó ghrúpaí tearc ionadaíochta chun iarratais a dhéanamh.

Is féidir le hiarratasóirí a dteastaíonn freastal réasúnta uathu leis an bpróiseas iarratais nó agallaimh teagmháil a dhéanamh leis an FTO ar aon cheann de na bealaí seo a leanas (agus aird á tabhairt ar spriocdháta an iarratais):

- ✓ Ríomhphost hr@erc.ie (luaigh an post ar a bhfuil tú ag déanamh iarratais).
- ✓ Glaoigh ar 01 837 37 89 agus iarr labhairt le AD.
- ✓ Scríobh chuig: An Roinn AD, FTO, OCBÁC Campas Choláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9, D09 AN2F.

D'fhéadfaí iarradh ar iarratasóirí ar mian leo leas a bhaint as socruithe réasúnta gairmí sláinte a chur isteach chun cuidiú le socruithe oiriúnacha a chinneadh.

## Eolas Tábhachtach Eile

Ní bheidh an FTO freagrach as aon chostais a bhíonn ar iarratasóirí. Ní hionann duine a ligean isteach i gcomórtas, nó cuireadh chun agallaimh a thabhairt do dhuine, nó toradh rathúil a fhógairt, agus a thabhairt le fios go bhfuil an FTO sásta go sásaíonn a leithéid de dhuine riachtanais nó nach bhfuil sé dícháilithe de réir dlí don phost agus níl ráthaíocht ann go leanfar le d'iarratas a chur san áireamh.

Tá sé tábhachtach d'iarratasóirí, dá réir sin, a bheith san airdeall go sásaíonn siad riachtanais incháilitheachta an chomórtais sula bhfreastalaíonn siad ar agallaimh. Mura gcomhlíontar bunriachtanais iontrála, ach go bhfreastalaíonn iarratasóirí mar sin féin ar agallamh, d'fhéadfaí costas neamhriachtanach a bheith curtha amú aige nó aici.

Sula ndéantar iarratasóir a mholadh don cheapachán sa phost seo, fiosróidh an FTO gach ní a shíltear a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a dheimhniú. Go dtí go mbíonn gach céim den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán, ní bheidh sé indéanta cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ná ní bheifear ábalta a mheas ná a thuiscint go ndearnadh cinneadh dá leithéid. Má dhiúltaíonn an duine a mholtar don phost, nó tar éis glacadh leis go scoiltear leis, agus má thagann folúntas breise chun cinn, féadfaidh an Bord Agallaimh, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le haghaidh ceapacháin ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Léirítear thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé i gceist gur liosta cuimsitheach é de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir, a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarratasóir rathúil.